NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

# Meitheal Forbartha na hEacnamaíochta Baile – Cruinniú 3

## Cur Síos Gairid

**Dáta:** an 11 Nollaig 2024

**Am:** 11.00r.n. go 3.30i.n.

| Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sinsearaí | Cruinniú na Meithle Forbartha<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Fáilte, focail tosaigh agus forbhreathnú ar an lá** | D'oscail an Cathaoirleach an cruinniú ag cur fáilte mhór roimh gach ball. Léadh na miontuairiscí agus breathnaíodh ar na nithe a d'éirigh astu. |
| **Réasúnaíocht, Aidhmeanna, Leanúnachas agus Dul Chun Cinn** | Thug an Feidhmeannach nuashonrú don ghrúpa ar an dréacht-téacs, ag leagan béime ar an ngá atá ann le díriú ar an struchtúr ar an iomlán agus ar an dearcadh níos leithne, agus é ag cur fáilte roimh thuairimí maidir leis an réasúnaíocht a bheachtú agus a chur i gcrích trí thuilleadh plé a dhéanamh. |
| **Struchtúr (leathan)** | Sa chruinniú, díríodh ar na snáitheanna staidéir, torthaí foghlama, agus ar struchtúr na sonraíochta don Eacnamaíocht Bhaile, agus béim á leagan ar an tábhacht atá le cur chuige iomlánaíoch, neamhlíneach, ar inbhuanaitheacht agus ar an gcur i bhfeidhm praiticiúil, le plé grúpa ann agus téamaí aontaithe, snáitheanna, agus tascanna foghlama feidhmí éagsúla á moladh agus ag an am céanna tugadh aghaidh ar ábhair imní maidir leis an ualach oibre a bhaineann leis an measúnú, cothromaíocht inscne, chomh maith le sainiúlacht an ábhair a chosaint, le pleananna le haghaidh tuilleadh athbhreithnithe agus machnaimh a dhéanamh ag an gcéad chruinniú eile. |
| **Paraiméadair Mheasúnaithe** | Thug an Feidhmeannach forbhreathnú ar na Paraiméadair Mheasúnaithe d'ábhair i dtráinse 3, ag díriú ar ualú oiriúnach, ar an spleáchas ar scrúduithe scríofa a laghdú, agus ar thacú le príomhinniúlachtaí. Tháinig ábhair imní chun cinn maidir le tráthúlacht agus ualach oibre, le pleananna le haghaidh tuilleadh machnaimh agus comhairliúcháin ag an gcéad chruinniú eile. |
| **Na chéad chéimeanna eile agus an chéad chruinniú eile** | Thug an Cathaoirleach agus an Feidhmeannach forbhreathnú ar sceideal na gcruinnithe. Ansin, rinne an Cathaoirleach machnamh ar an obair a rinneadh agus ghabh sé buíochas leis na baill as bheith i láthair agus as an méid a rinne siad.<br><br>**An chéad chruinniú eile: an 16 Eanáir 2025** |